



14084/23

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2023/0077(COD)**

---

---

**ENER 541  
ENV 1112  
CLIMA 467  
COMPET 983  
CONSOM 360  
FISC 225  
CODEC 1839**

**NÓTA**

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: An Chomhairle

---

Uimh. an doic. ón gCoim.: 7440/23 + ADD1

---

Ábhar: Togra le haghaidh RIALACHÁN ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas  
- Cur chuige ginearálta

---

**I. RÉAMHRÁ**

1. An 14 Márta 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh an Rialacháin chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas, agus le haghaidh an Rialacháin chun feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil margaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh.

2. Leanann na tograí sin na praghsanna agus an luaineacht an-ard sna margaí leictreachais a tugadh faoi deara in 2021 agus 2022, agus tá siad bunaithe ar thrí cholún – tomhaltóirí a chosaint, cobhsaíocht agus intuarthacht chostais an fhuinnimh a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, cur le hiomaíocht agus gheilleagar an Aontais, agus chun borradh a chur faoin infheistíocht nua fuinnimh.
3. An 23 Márta 2023, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar na comhrechtóirí an obair a thabhairt ar aghaidh gan mhoill maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar dhearadh an mhargaidh inmheánaigh leictreachais san Aontas d'fhonn go nglacfar é faoi dheireadh 2023.

## **II. STAID NA HIMEARTHA**

1. An 19 Meitheamh, phléigh an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 5<sup>ú</sup> athbhreithniú (REV5) ar an Rialachán chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas agus ar an Rialachán chun feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil margaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh, mar a leagtar amach in 10605/23 agus 10606/23 iad agus é mar aidhm teacht ar Chur Chuige Ginearálta maidir leis an dá chomhad roimh an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.
2. Le linn an chruinnithe, aontaíodh Cur Chuige Ginearálta ar an rialachán maidir le cosaint ar chúbláil margaidh. Thug na Ballstáit chun suntais i gcás an rialacháin maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais, áfach, gur gá tuilleadh comhairliúcháin agus athdhréachtaithe a dhéanamh i leith roinnt saincheisteanna, go háirithe conarthaí difríochta agus an maolú, agus sásraí acmhainneachta á gcur i bhfeidhm, a d'fhéadfaí a dhéanfaí ar theorainneacha astaíochtaí CO2. An 30 Meitheamh, scrúdaigh Coreper togra comhréitigh nua. Cé go ndearnadh dul chun cinn, dhearbhaigh na Ballstáit gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh.
3. Mar a luaitear cheana féin in 10607/23, ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus soiléireachta, déanfar Airteagail 2 3 den Rialachán atá beartaithe maidir leis an Margadh Leictreachais, lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944, a dheighilt ón Rialachán sin agus déanfar Treoir neamhspleách díobh. Is coigeartú dlíthiúil agus teicniúil é seo nach ndéanann difear d'fhorálacha substaintiúla na dtograí.

4. Lean Uachtaránacht na Spáinne den obair a rinne an Uachtaránacht roimhe seo, ag tosú le plé sa Mheitheal um Fhuinneamh an 6 Iúil. Tá an Uachtaránacht ag obair ar an dá shaincheist atá fós gan réiteach i gcás an rialacháin maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais, is é sin conarthaí difríochta, agus an maolú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar theorainneacha astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus sásraí acmhainneachta á gcur i bhfeidhm, agus d'éist sí le dearthaí na mBallstát uile maidir leis an mbealach is fearr chun teacht ar chomhaontú.
5. An 26 Iúil, d'iarr an Uachtaránacht ar na Ballstáit díriú ar chonarthaí difríochta dhá threo in Airteagal 19b, go háirithe i gcás na gconarthaí difríochta sin le haghaidh infheistíochtaí nua chun leictreachas a ghiniúint atá dírithe ar fhaduithe saolré, i gcás ina raibh gá soiléir práinneach leis an gcothromaíocht cheart a aimsiú maidir le dáileadh ioncaim agus maidir le prionsabal deartha na gconarthaí difríochta sin. D'iarr an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí a dtograí i scríbhinn a chomhroinnt i ndáil le hAirteagal 19b sa rialachán maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais faoin 1 Meán Fómhair agus pléadh a n-ionchur ag an gcrúinniú den Mheitheal um Fhuinneamh an 5 Meán Fómhair.
6. Bunaithe ar na barúlacha agus ar an ionchur a fuarthas ó na Ballstáit, scaip an Uachtaránacht togra ina raibh foclaíocht nua maidir le hAirteagal 19b (Conarthaí difríochta), d'fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir na seasaimh éagsúla. Pléadh an téacs sin sna cruinnithe a bhí ag an Meitheal um Fhuinneamh an 14 agus an 19 Meán Fómhair.
7. Áirítear an Rialachán chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas ar chlár oibre na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) dar dáta an 17 Deireadh Fómhair 2023, agus é mar aidhm teacht ar Chur Chuige Ginearálta.
8. Mar chéim thosaigh, chun an plé ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) a ullmhú, d'iarr an Uachtaránacht ar Choiste na mBuanionadaithe treoir pholaitiúil bhreise a thabhairt chun saincheisteanna bunriachtanacha maidir le hAirteagal 19b, mar a leagtar amach in 12674/23 é, a réiteach ag an gcrúinniú dar dháta an 4 Deireadh Fómhair.

9. Dá bhrí sin, chinn an Uachtaránacht athbhreithniú nua ar an téacs a eisiúint (REV6), mar a leagtar amach in 13771/23 é, a pléadh ag cruinniú Choiste na mBuanionadaithe an 13 Deireadh Fómhair, agus béim ar leith á leagan ar Airteagal 19b den Rialachán maidir le Leictreachas 2019/943 arna leasú leis an rialachán maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais. Ag eascairt as an treoir a chuir an Coiste ar fáil, d'ullmhaigh an Uachtaránacht athbhreithniú nua ar an téacs (REV7).

### **III. AN OBAIR A RINNEADH i bPARLAIMINT NA hEORPA AGUS I gCOMHLACHTAÍ EILE DE CHUID AN AONTAIS**

1. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) atá i gceannas ar an comhad. Ghlac an Pharlaimint, i suí iomlánach, a tuarascáil ar an rialachán maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais an 14 Meán Fómhair.
2. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais an 14 Meitheamh, agus ghlac Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim siúd maidir leis an rialachán sin an 6 Iúil 2023.

### **IV. PRÍOMHGHNÉITHE AN TOGRA COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT DON PHLÉ SA CHOMHAIRLE**

1. Is iad seo a leanas príomhghnéithe de REV7 le hais 13771/23 (REV6) agus 10606/23 (REV5):
  - a) Airteagal 19b de Rialachán 2019/943, maidir le conarthaí difríochta:
    - Le mír 1, coinnítear fócas a raoin feidhme ar scéimeanna tacaíochta praghais díri le haghaidh infheistíochtaí i saoráidí nua giniúna cumhachta.
    - I mír 1a, tá forálacha maidir le critéir deartha le haghaidh conarthaí difríochta, ar forálacha iad a bhaineann leis an méid seo a leanas: 1) tionchar na scéime tacaíochta ar oibriú na saoráidí giniúna agus ar an rannpháirtíocht sa mhargadh leictreachais; 2) leibhéal an luacha saothair; agus 3) an t-idirghníomhú leis an iomaíocht sa mhargadh inmheánach.

- Simplíodh an téacs i mír 3, mír ina rialaítear na gnéithe a bhaineann le dáileadh na n-ioncam ó chonarthaí difríochta. Baineadh den téacs na tagairtí do dháileadh ioncaim ar ghnóthais.
- b) In Airteagal 64 den Rialachán maidir le Leictreachas 2019/943, cuirtear isteach an mhír 2c nua agus an aithris chomhfhreagrach 53f maidir leis an bhféidearthacht maolú eisceachtúil a dhéanamh ar Airteagal 22(4)(b) den Rialachán maidir le Leictreachas i dtaca le sásraí acmhainneachta arna bhformheas ag an gCoimisiún sular tháinig an rialachán seo i bhfeidhm. Tá an maolú sin faoi réir údarú ón gCoimisiún agus faoi réir Airteagail 107 agus 108 CFAE a bheith á gcomhlíonadh, ar choinníoll go gcomhlíontar roinnt coinníollacha. Go háirithe, ní mór maolú a theorannú don mhéid acmhainneachta is gá chun an cheist maidir le leordhóthanacht a réiteach agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar thionchar na hiarrata ar mhaolú i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa. Féadfar an maolú a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2028.
- c) In Airteagal 66a de Threoir 2019/944, fághtar ann an mhír lena bhféadfaidh na Ballstáit, gan dochar d’Airteagail 107 agus 108 CFAE, uasteorainn a chur i bhfeidhm ar ioncam margaidh ó ghineadóirí infrimeallacha faoi réir na gcoinníollacha céanna a leagtar amach in Airteagail 6 go 8 agus in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle. Féadfar an uasteorainn ioncaim sin a chur i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2024.
- d) Aithrisí:
- Cuireadh isteach aithris nua 29a maidir le comhaontuithe ceannaigh cumhachta, ina ndearbhaítear gur cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar chomhaontuithe ceannaigh cumhachta trasteorann agus deireadh a chur le bacainní gan údar a bhaineann go sonrach leo, agus ar an gcaoi sin, bheadh tomhaltóirí i mBallstáit a bhfuil acmhainneacht theoranta acu in ann rochtain a fháil ar chumhacht a ghintear i réigiúin eile gan idirdhealú.
  - In aithris 40a, cuireadh isteach gur féidir ról tábhachtach a bheith ag sásraí acmhainneachta chun leordhóthanacht acmhainní a áirithiú do chórais fuinnimh nach leormhaith a n-idirnasacht.

- In aithris 53g, sa téacs nua sonraítear gur cheart a bheith in ann, faoi na sásraí acmhainneachta, úsáid a bhaint as na hacmhainní uile lenar féidir an fheidhmíocht theicniúil is gá a sholáthar, gléasraí cumhachta gásadhainte san áireamh, ar choinníoll go gcomhlíonann siad an teorainn astaíochta in Airteagal 22(4).
- Cuireadh isteach aithris 53a maidir leis an uasteorainn ioncaim infrimeallaigh arna rialú in Airteagal 66a de Threoir 2019/944.

## V. CONCLÚIDÍ

1. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta ag an gcrúinniú a bheidh ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 17 Deireadh Fómhair, ar bhonn an téacs a leagtar amach in 14085/23.
2. Is é a bheidh sa chur chuige ginearálta, sainordú na Comhairle don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa amach anseo i gcomhthéacs an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

---